

Aighneacht Gaeloideachas ar Chéim na Tuarascála den Bhille Iontrála Scoile

Bealtaine 2018

1. Réamhrá

Is mian le Gaeloideachas leis seo aighneacht a chur faoi do bhráid mar ábhar le breithniú mar chuid de Chéim na Tuarascála den Bhille Iontrála Scoile. Mar eagraíocht a ghlac páirt ghníomhach sa chomhairliúchán thar ceann na scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn náisiúnta ó tosaíodh an t-athbhreithniú ar na próisis iontrála scoileanna, fáiltíonn Gaeloideachas roimh ráiteas an Aire Oideachais go bhfuil leasú le cur i bhfeidhm sa Bhille Iontrála Scoile a thabharfaidh cead do scoileanna lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt do pháistí sna polasaithe iontrála a bhfuil líofacht aois-oiriúnach acu sa Ghaeilge, agus a thógann aon riachtanais speisialta oideachais ag an bpáiste san áireamh sa mheasúnú ar céard is líofacht aois-oiriúnach ann. Aithnímid go bhfuil an foráil seo á cheadú mar aitheantas ar na dúshláin a bhíonn ann áit a fháil i scoil lán-Ghaeilge de bharr an éilimh mór atá orthu, nach bhfuil scoileanna in ann freastal air. Aithníonn an Rialtas nach bhfuil sé inmhianta i dtéarmaí beartais stáit nach bhfuil bealach slán ann do pháistí a dteastaíonn uathu leanúint sa chóras oideachais lán-Ghaeilge, agus baineann sé seo leis an aistriú ó naíonra go bunscoil agus ó bhunscoil go hiarbhunscoil.

Tá áfach ábhar imní orainn faoi ghné amháin shuntasach a bhaineann leis an leasú atá molta agus faoi bhreithniú an Rialtais, is é sin an t-easnamh atá ann i dtaobh tús áite do pháistí arb í an Ghaeilge an phríomhtheanga bhaile dó/di. Leagtar amach na cúiseanna in alt 3 thíos. Fuarthas tacaíocht tras-pháirtí ag céim an Chomhchoiste Oideachais ar an gceist seo cheana, agus is ábhar iontais agus údar imní dá réir nach bhfuil sé cuimsithe sa reachtaíocht mholta.

2. Na Naíonraí

I gcomhthéacs éilimh Gaeloideachas go dáta go dtógfar na naíonraí san áireamh sa dréachtú Bille i dtéarmaí cosaint don teanga agus don tumoideachas, aithníonn Gaeloideachas go bhféadfadh an foráil seo cosaint a thabhairt do pháistí a d'fhreastal ar naíonra chun go mbeidh deis acu tógáil ar na scileanna teanga a shealbhaigh siad agus iad ag aistriú go bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Aithnítear sa teoiric agus sa chleachtas go bhfuil fíor-thábhacht leis an luath-thumadh sa Ghaeilge sa naíonra mar ullmhúchán don bhunscoil lán-Ghaeilge. Leagann an-chuid bunscoileanna lán-Ghaeilge an-bhéim ar an eispéireas foghlama seo agus molann Gaeloideachas go mbeidh sé de chead agus de cheart acu leanúint leis an gcleachtas seo chun leasa an chórais luath-thumoideachais. Tá tábhachtach ar leith ag baint leis an leanúnachas chun go leanfar le rogha oideachais an tuismitheora dá bpáistí agus rogha an pháiste, chun go gcaomhnófar an teanga agus chun go n-ardófar stádas na teanga i súile an pháiste.

Freastalaíonn formhór páistí na scoileanna lán-Ghaeilge ar naíonra agus méadaítear buntáistí an luath-thumoideachais dá réir. Is iondúil go mbíonn naíonra lonnaithe ar shuíomh na bunscoile agus cuirtear an-bhéim ar an ngaol comhoibritheach seo agus an leanúnachas idir an dá institiúid oideachais. I gcás scoileanna nach leagann béim ar fhreastal ar naíonra, is iondúil go mbaineann sé seo le heaspa soláthair naíonra sa cheantar, nó naíonra a bhfuil ró-éileamh air agus ganntanas spáis.

Creidimid go bhfuil an chéim seo sa chontanam oideachas agus sóisialú trí Ghaeilge riachtanach agus fáiltíonn an eagraíocht roimhe.

3. Impleachtaí an Leasaithe Molta ag an Aire Oideachais agus Scileanna

a) Cosaint don pháiste arb í an Ghaeilge Príomhtheanga an bhaile dó/dí.

Creideann Gaeloideachas gur ceart go mbeadh sé de cheart ag gach scoil lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt ina bpolasaithe rollacháin i gcás ró-éilimh do theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile dóibh nó ceann de phríomhtheangacha an bhaile.

Níl aon imfhalú déanta áfach ar pháistí arb í an Ghaeilge príomhtheanga an bhaile dóibh ná meicníocht shoiléir ann chun an mionlach beag de chainteoirí Gaeilge ó dhúchas a chosaint oideachais a fháil ina t(h)eanga bhaile. Ní léir go n-éireodh leis na scoileanna tús áite a thabhairt dóibh mar cheart laistigh de pheiriméadair na reachtaíochta, mar atá molta. Dá dtarlódh sé gur mo ná hiarrthóirí ná líon na spásanna, is amhlaidh go mbeadh roghnuchán randamach le déanamh idir gach páiste a bhfuil cumas aois-oiriúnach sa teanga acu, cur chuige nach féidir a ghlacadh agus páistí arb í an Ghaeilge príomhtheanga an bhaile dóibh móide foghlaimoirí sa phota céanna. D'fhéadfadh baol mór a bheith ann do pháistí le Riachtanais Speisialta Oideachais arb í an Ghaeilge príomhtheanga an bhaile dóibh ach nach bhfuil na scileanna forbartha acu go fóill ná cumas ag an scoil a mheas céard is teanga aois-oiriúnach do réimse leathan míchumais. D'fhéadfadh go gcuirfeadh sé seo bac 'bog' os chomhair na bpáistí seo, ag tráth a bhfuilimid i mbun tréaniarrachtaí iad a mhealladh isteach sa chóras.

Aithnítear gur mionlach an-bheag iad na teaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile dóibh nó ceann de phríomhtheangacha an bhaile laistigh den chóras oideachais lán-Ghaeilge, agus dá réir, go bhfuil impleachtaí imeallacha ann dóibh sa phróiseas iontrála go ginearálta. É sin ráite, má tá formhór na spásanna scoile ag aon scoil ar leith le líonadh trí chéad rogha do shiblí, agus go bhfuil spásanna teoranta ann dá thoradh, tá tábhacht ar leith leis an gceart a bheith ag scoileanna tús áite a thabhairt do theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile dóibh nó ceann de phríomhtheangacha an bhaile ag an staid seo.

Aithnítear go bhfuil sé an-dúshlánach páistí a thógáil le Gaeilge gan tacaíochtaí cuí a bheith ar fáil ón earnáil phoiblí agus phríobháideach agus go léiríonn taighde gurb é an córas cúram leanaí agus an córas oideachais na tacaíochtaí is tábhachtaí do theaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Tá dualgas morálta agus dlíthiúil ar an Stát a chinntiú go dtacaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga bhaile.

b) Téarmaíocht

Tá roinnt dúshlán leis an téarmaíocht atá roghnaithe sa reachtaíocht sa mhéid is nach bhfuil sainiú déanta sa bhfoclaíocht ar cén leibhéal líofachta a bhfuiltear ag súil leis ó pháiste agus tá doiléire sa téarmaíocht atá in úsáid. Ní hionann leibhéal réasúnta líofachta do pháiste atá á thógáil le Gaeilge agus páiste a d'fhreastal ar naíonra.

c) An Cur i bhFeidhm praiticiúil ag Leibhéal na Scoile

Beidh dúshlán leis an gcur i bhfeidhm ag leibhéal na scoile sa mhéid is go bhfágfar faoi na scoileanna a mheas céard is leibhéal líofachta aois-oiriúnach. Níl aon amhras ach go bhfuil an cumas, cáilíocht agus taithí ag bainistíocht na scoileanna an measúnú a dhéanamh ach tá inní ann faoi líomhaintí ó thuismitheoirí i leith

an mheasúnaithe a bheith míchruinn, gan trácht ar an mbrú breise a chuirfeadh sé seo ar bhainistíocht na scoileanna.

Taobh amuigh den mhionlach beag de theaghlaigh le Gaeilge mar phríomhtheanga bhaile acu, ceist níos casta is ea í áfach conas cumas sa teanga a mheas i mbealach oibiachtúil measc páistí nach í an Ghaeilge príomhtheanga bhaile dóibh. D'fhéadfadh sé seo oibriú i gcoinne phrionsabail na trédhearcahta atá mar sprioc leis an reachtaíocht.

Creideann Gaeloideachas nár cheart go mbeadh measúnú teanga á dhéanamh ar na páistí le háit a fháil sa scoil. I gcás an 95% do na hiarrthóirí nach bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile acu, bheadh cur chuige mar sin suibhachtúil agus mí-oiriúnach [Tá glaonna ó thuismitheoirí ionchasacha ag teacht isteach agus iad inníoch faoi chur chuige dá leithéid]. D'fhéadfadh cur chuige mar seo iarrthóirí ionchasacha a chur ó dhoras. I gcás an 5% a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga bhaile acu, d'fhéadfaí meicníocht chuí a aontú, le toil na dtuismitheoirí. Féach 3b agus c thíos do réiteach inmholta ar seo.

3. Moltaí Gaeloideachas

Ar mhaithe le córas infheidhmithe, a thacaíonn sa chéad dul síos le hiarrthóirí arb í an Ghaeilge príomhtheanga an bhaile acu; agus ina dhiaidh sin le páistí atá tosaithe amach ar bhóthar an luath-thumoideachais sa naíonra, molann Gaeloideachas:-

- a) Go mbeadh foráil ar leith ann a thugann tús áite d'iarrthóirí arb í an Ghaeilge an phríomhtheanga bhaile acu sna critéir rollacháin i gcás ró-éilimh agus gur ceart imfhálaithe é.
- b) Ag tógáil ceist na siblíní san áireamh agus sa chás ansin gur mó na spásanna atá ar fáil ná líon na n-iarratas, go mbeadh sé de cheart ag bunscoileanna lán-Ghaeilge freastal ar naíonra lán-Ghaeilge a aithint mar chritéir iontrála i bhfianaise na tábhachta a bhaineann leis an dtréimhse luath-thumadh sa teanga agus na buntáistí teangeolaíochta a bhronnann an eispéireas seo.
- c) Dá mbeadh freastal ar naíonra sainithe, ní bheadh aon ghá le meicníochtaí eile tástáil teanga aois-oiriúnach a dhéanamh ar an bpáiste mar go mbeadh sé intuigthe go raibh cumas agus bunús ann ar mian le tuismitheoirí go leanfaí leis agus go ndéanfaí a threisiú. Dhéanfaidh sé seo an dúshlán mar atá leagtha amach ag 2b thuas a mhaolú.
- d) I gcás na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge go mbeadh sé de cheart acu tús áite a thabhairt a) do dhaltaí arb í an Ghaeilge an phríomhtheanga bhaile acu chun an ceart a dhaingniú go bhfaighfí oideachas i dteanga dhúchais an pháiste agus b) do dhaltaí a d'fhreastal ar bhunscoil lán-Ghaeilge chun nach séanfaí an ceart ar dhaltaí leanúint sa chóras oideachais lán-Ghaeilge.
- e) Sa chóras nua bunaithe scoile atá á fhorbairt, go bhforbrófaí meicníocht fheidhmiúil agus tacúil do thuismitheoirí ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge dá gcuid páistí mar réiteach ar an dúshlán ollmhór a bhaineann le ró-éileamh ar bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge.